II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2019/1673 ÓN GCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2019

lena ndéantar ionadú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]) agus go háirithe Airteagal 23 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) In Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/788 foráiltear gurb é ceann de na coinníollacha le go mbeidh tionscnamh bailí gurb ionann an líon sínitheoirí, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, agus an líon íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, tráth cláraithe an tionscnaimh atá beartaithe ó na saoránaigh. Freagraíonn an líon íosta sin don líon Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh i ngach Ballstát, arna iolrú faoin líon iomlán Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa.

(2) An 29 Márta 2017, chuir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") fógra isteach é a bheith de rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(3) An 28 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2018/937 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa ([2]). Sa Chinneadh sin, a tháinig i bhfeidhm an 3 Iúil 2018, leagtar amach an líon Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a bhí le toghadh i ngach Ballstát don téarma parlaiminte 2019-2024 dar tús an 2 Iúil 2019.

(4) An 22 Márta 2019, le Cinneadh (AE) 2019/476 ([3]), chinn an Chomhairle Eorpach, le comhaontú na Ríochta Aontaithe, síneadh ama a chur leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE go dtí an 22 Bealtaine 2019 sa chás go ndéanfadh Teach na dTeachtaí an Comhaontú um Tharraingt Siar a fhormheas faoin 29 Márta 2019, nó, mura dtarlódh sin, go dtí an 12 Aibreán 2019. Ní dhearna Teach na dTeachtaí an Comhaontú um Tharraingt Siar a fhormheas faoin 29 Márta 2019. An 11 Aibreán 2019, le Cinneadh (AE) 2019/584 ([4]), chinn an Chomhairle Eorpach, le comhaontú na Ríochta Aontaithe, síneadh breise a chur leis an tréimhse sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019.

(5) Ionas go mbeidh macasamhail na rialacha atá i gCinneadh (AE) 2018/937 ann maidir leis an líon íosta sínitheoirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 2019/788 is iomchuí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/788 a ionadú. Ba cheart feidhm a bheith ag an leasú sin ón dáta a dtiocfaidh Rialachán (AE) 2019/788 i bhfeidhm, is é sin le rá, an 1 Eanáir 2020. Má tharlaíonn tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach tar éis an dáta sin, áfach, bheadh an leasú infheidhme tar éis an tarraingt siar.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/788 a ionadú,

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.
([2]) IO L 165 I, 2.7.2018, lch. 1.
([3]) Cinneadh (AE) 2019/476 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an 22 Márta 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 801, 22.3.2019, lch.1).
([4]) Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an 22 Márta 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 101, 11.4.2019, Ich.1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/788.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020 nó ón lá tar éis an lae a scoirfidh feidhm de bheith ag na Conarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cibé acu is déanaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2019.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Jean-Claude JUNCKER

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

AN LÍON ÍOSTA SÍNITHEOIRÍ IN AGHAIDH AN BHALLSTÁIT

An Bheilg	14805
An Bhulgáir	11985
An tSeicia	14805
An Danmhairg	9870
An Ghearmáin	67680
An Eastóin	4935
Éire	9165
An Ghréig	14805
An Spáinn	41595
An Fhrainc	55695
An Chróit	8460
An Iodáil	53580
An Chipir	4230
An Laitvia	5640
An Liotuáin	7755
Lucsamburg	4230
An Ungáir	14805
Málta	4230
An Ísiltír	20445
An Ostair	13395
An Pholainn	36660
An Phortaingéil	14805
An Rómáin	23265
An tSlóivéin	5640
An tSlóvaic	9870
An Fhionlainn	9870
An tSualainn	14805"